

(Dréacht)

FORAITHNE

ón Aireacht Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe Phoblacht na Slóvaice

an/2023,

lena leasaítear Forraithne Uimh. 83/2016 ó Aireacht Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe Phoblacht na Slóvaice maidir le táirgí feola

I gcomhréir le § 3(1)(d) de Ghníomh Uimh. 152/1995 ó Chomhairle Náisiúnta Phoblacht na Slóvaice maidir le hearraí bia, arna leasú le Gníomh Uimh. 30/2015, déanann Aireacht Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe Phoblacht na Slóvaice an méid seo a leanas a leagan síos:

Airteagal I

Leasaítear Forraithne Uimh. 83/2016 ó Aireacht Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe Phoblacht na Slóvaice maidir le táirgí feola mar a leanas:

1. Léitear § 2(al) mar a leanas:

'al) ciallaíonn brat feola tiubhaithe táirge feola ó chnámha mairteola nó ó chnámha laofheola, a d'fhéadfadh glasraí fréimhe a chur leis agus é blaitithe le salann inite, spíosraí, fíon nó comhábhair dhearbhaithe eile, lena n-áirítear píosaí feola, agus a ullmhaítear tríd an toirt a laghdú trí bheiriú chun comhsheasmhacht atá cosúil le glóthach a bhaint amach; féadfar an téarma demi-glace a úsáid freisin chun brat feola tiubhaithe a ainmniú;'

2. Cuirtear an § 2(am) seo a leanas leis a léitear mar a leanas:

ciallaíonn 'am) anraith feola ó fheoil nó ó chnámha ainmhithe atá beartaithe le haghaidh táirgeadh bia, ar féidir é a bhlaistiú le salann inite, spíosraí nó comhábhair dhearbhaithe eile.'

3. Léitear § 3(3)(a) mar a leanas:

'a) ar a mhéad 7 °C i gcás táirge feola bog, táirge feola bruite, táirge feola bÁCáilte, feoil shailhte theaschóireáilte, feoil leathchaomhnaithe agus feoil shailhte amh;'

4. In § 3(3), scriostar pointe (b).

Déantar pointe (b) de phointe (c) atá ann faoi láthair.

5. In § 3(8)(a), cuirtear na focail 'de bhun mhír (3)' in ionad na bhfocal '4 °C, seachas an táirge feola dá dtagraítear i mír (3)(b) agus (c)'.

6. In § 3(11), cuirtear pointe (d) isteach a léitear:

'd) brat feola tiubhaithe, anraith feola.'

7. In § 4, scriostar mír (13).

8. In § 5(2) léitear an dara habairt mar a leanas: 'Don chuid den táirge feola a fhanann slán tar éis an ghearrtha, laghdóidh an díoltóir a sheilfré dá réir sin.'

9. In § 5, cuirtear an mhír 3 seo a leanas leis:

'(3) Agus táirge feola fuaraithe á láimhseáil, ceadaítear méadú gearrthéarmach 2 °C ar a mhéad ar an dromchla de bhun § 3(3).'

10. In § 17(1), cuirtear an focal ‘eile’ in ionad an fhocail ‘roinnt’.
11. In Iarscríbhinn 1, Tábla 1, san ochtú ró leis an ainm táirge ‘ispíní Liamháis’, sa dara colún, cuirtear na focail ‘muiceoil nó muiceoil agus mairteoil’ in ionad na bhfocal ‘muiceoil, mairteoil’.
12. In Iarscríbhinn 4, sa cheathrú ró leis an ainm táirge ‘Feoil Lóin’, sa dara colún, cuirtear na focail ‘muiceoil nó muiceoil agus mairteoil’ in ionad na bhfocal ‘muiceoil, mairteoil’.

Airteagal II

Tiocfaidh an Fhoraithe seo i bhfeidhm an 1 Eanáir 2024.